C/2024/1353

6.2.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11447 — BRIDGEPOINT / NEXITY LAMY AND ORALIA PARTENAIRES)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/1353)

1. An 26 Eanáir 2024, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Bridgepoint Group plc ('Bridgepoint') na Ríochta Aontaithe,

— Nexity Lamy agus Oralia Partenaires, atá faoi lánúinéireacht agus faoi rialú Nexity SA, ar fud na Fraince.

Gheobhaidh Bridgepoint rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Nexity Lamy agus Oralia Partenaires ina n-iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Tá Bridgepoint gníomhach i bhfás sócmhainní príobháideacha trí infheistiú a dhéanamh i gcothromas príobháideach agus i bhfiachais príobháideach, agus díríonn sé ar ghnólachtaí meánmhargaidh i gceithre réimse: (i) Ardtionscail, (ii) Seirbhísí Gnó agus Airgeadais, (iii) Cúram Tomhaltóirí agus (iv) Cúram Sláinte.

— Tá Nexity Lamy agus Oralia Partenaires, dhá fhochuideachta faoi lánúinéireacht Nexity SA, ag feidhmiú i seirbhísí réadmhaoine agus seirbhísí bróicéireachta árachais réadmhaoine sa Fhrainc.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11447 — BRIDGEPOINT / NEXITY LAMY AND ORALIA PARTENAIRES

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË